# Tiomsú Airgid Chumann na dTuismitheoirí le haghaidh Míreanna Neamhchaipitil

*(Nuashonraíodh an doiciméad faoi dheireadh i mí Mheán Fómhair 2023)*

## 1. Réamhrá

Féadfaidh scoileanna airgead a fháil ó chumann na dtuismitheoirí a thiomsaigh airgead le haghaidh míreanna neamhchaipitil. Ba cheart go n-aistreofaí an t-airgead sin chuig cuntas bainc na scoile a luaithe is indéanta.

## 2. Cóireáil Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an ioncam a fuarthas agus ar an gcaiteachas.

### 2.1. Ioncam a Fuarthas

**Céim 1**

Cuntas 3700 Níor cheart ioncam ó Chumann na dTuismitheoirí a úsáid ach amháin chun fáil ioncaim a thaifeadadh i gcuntas reatha na scoile ó chuntas bainc chumann na dtuismitheoirí i gcás nach bhfuil rochtain ag rúnaí/oifigeach cléireachais ná cisteoir ar ráitis bhainc chumann na dtuismitheoirí nó ar fhaisnéis bhainc chumann na dtuismitheoirí.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Thiomsú Airgid an Chumainn/na Comhairle Tuismitheoirí (Neamhchaipitiúil) | DR | 1820 | Sócmhainní Reatha Chomhairle/Chumann na dTuismitheoirí<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 3700 | Ioncam Chumann na dTuismitheoirí<br>Ioncam |

**Céim 2**

Ag deireadh na bliana, ba cheart ráitis bhainc chumann na dtuismitheoirí a sholáthar don chuntasóir agus ansin beidh sé in ann an t-ioncam a rangú mar ioncam neamhshrianta/srianta.

**Neamhshrianta:**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Thiomsú Airgid an Chumainn/na Comhairle Tuismitheoirí (Neamhchaipitiúil) | DR | 3700 | Ioncam Chumann na dTuismitheoirí Ioncam |
| | CR | 3575 | Tiomsú Airgid Neamhshrianta (Neamhchaipitiúil) Ioncam |

**Srianta:**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Thiomsú Airgid an Chumainn/na Comhairle Tuismitheoirí (Neamhchaipitiúil) | DR | 3700 | Ioncam Chumann na dTuismitheoirí Ioncam |
| | CR | 3574 | Tiomsú Airgid Srianta (Neamhchaipitiúil) Ioncam |

**2.2. Caiteachas**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas an Chumainn/na Comhairle Tuismitheoirí ar Thiomsú Airgid (Neamhchaipitiúil) | DR | 4922 nó 4925 | Costais Tiomsaithe Airgid Shrianta Scoile (Neamhchaipitiúil) Costais Tiomsaithe Airgid Neamhshrianta Scoile **nó** (Neamhchaipitiúla) (Neamhchaipitiúil) Caiteachas |
| | CR | 1820 | Sócmhainní Reatha Chomhairle/Chumann na dTuismitheoirí Sócmhainn Reatha |

**Tuilleadh eolais:**

Cliceáil “Míniú ar Chairt Ioncaim agus Caiteachais na gCód Ainmniúil” chun tuilleadh eolais a fháil ar na cóid ainmniúla srianta/neamhshrianta.